Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Samhain 2019
(OR. en)

14013/1/19
REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach: 2017/0232(COD)**

CODEC 1616
EF 327
ECOFIN 988
SURE 59

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 20 Meán Fómhair 2017, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 15 Feabhra 2018[2].

3. Ar an 16 Aibreán 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa an seasamh uaithi ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún (gan athbhreithniú dlítheangeolaíoch). Tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur ar an téacs a glacadh, d'fhormheas an Pharlaimint ceartúchán a rinneadh ar an seasamh sin le linn an tseisiúin iomlánaigh a bhí aici ón 13 go dtí an 14 Samhain 2019. Is léiriú é sin ar an gcomhréiteach ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh glacadh ag an gComhairle[3] leis.

[1] 12430/17.
[2] IO C 227, 28.6.2018, lch. 63.
[3] 8495/19.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in
PE- CONS 77/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ríocht Aontaithe ag staonadh.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.